Ùimh 11
Geimhreadh 2004

Alana

Nuachtlitir don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Alt an Eagarthóra
le Heino Schonfeld, Stiúrthóir, LFOLO

Is é bunchuspóir an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige frámaíocht náisiúnta do cháilíocht i gcúram agus in oideachas na luathóige a fhorbairt. Toisc go raibh dul chun cinn oideachas na luathóige in Éirinn déanach agus sách neamhrialta, toisc go raibh tógáil pholasaithe sa réimse sin ilroinnte agus toisc go raibh an iliomad traidisiún agus leasanna dílsithe i gceist, ba léir i gcónaí gur tasc deacair a bheadh ann. Ina theannta sin, níor tugadh don LFOLO ach achar ama sách gearr chun an cuspóir sin a sheachadadh gan roinnt feidhmeanna tábhachtacha eile a ligean i ndearmad.

Túgann sé sásamh ar leith dúinn, dá bhrí sin, bheith in ann prionsabail, caighdeáin agus treoirlínte a fhoilsiú – go pras i ndiaidh a chéile – a dhéanfaidh, le chéile, an chéad Creatlach Náisiúnta Ard-Chaighdeáin i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige (CNAC/COLO). Tá coinne againn an fhréamhshamhail iomlán den Fhrámaíocht a fhoilsiú i mí Deireadh Fómhair na bliana seo.

San eagrán seo de Alana, cuirimid i láthair 12 prionsabal measta. Is iad na prionsabal sin an chéad chuid den Fhrámaíocht, agus an chuid a threoraíonn í. Tá siad bunaithe ar fhianaise taighde, polasaí agus cleachtas Éireannach agus Idirnáisiúnta chomh maith le dian-chomhchomhairle le príomhpháirtithe leasmhara. Is féidir tuilleadh eolais ar chúlra agus ar chomhthéacs an CNAC/COLO a fháil san eagrán seo de Alana.

Dea-scéala: Ar bhonn comhaontaithe imlínigh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, táimid anois in ann fógra a chur amach don phost mar Leas-Stiúrthóir atá folamh. Le haghaidh tuilleadh sonraí, tabhair cuairt le do thoil ar ár láithreán gréasáin ag www.cecde.ie.

Heino Schonfeld

CLÁR ABHÁIR

Léargas Tosaigh ar Phrionsabail CNAC/COLO 2

A Thuismitheoirí: Bíodh cead cainte agaibh 5

Seirbhís Leabharlainne agus Faisnéise LFOLO 6

Seoladh Spléachadh ar an Ardchaighdeán agus Making Connections 7

Eagarthóir
Heino Schonfeld

Cloite ag
Profile Lithoprint (01) 8316894

Má tá moltaí ar bith agat maidir leis an nuachtlitir déan teagmháil le Peadar Cassidy, Oifigeach Eolais ag 01 8842113 nó ag Peadar.Cassidy@spd.dcu.ie

Míle buíochas le DCULS le haghaidh an aistriú a rinne iad don nuachtlitir.

Léargas Tosaigh ar Phrionsabail CNAC/COLO

Le Jacqueline Fallon, Oifigeach Forbartha, LFOLO

Is í forbairt na Creatlach Náisiúnta Ard-Chaighdeáin i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige (CNAC/COLO) bunghníomhaíocht an LFOLO. Is é ról an CNAC/COLO tacú le soláthar eachtraí cáilíochta do pháistí óga i ngach suíomh óna mbreith go dtí go bhfuil siad sé bliana d'aois, lena n-áirítear cúram lae teaghlaigh, ranganna naíonán, seirbhísí seisiúin agus cúram lae iomlán. Is tasc dúshlánach í forbairt an CNAC/COLO. Thaispeáin ár bpróiseas comhchomhairle dúinn go bhfuil an iliomad tuairimí agus smaointe ann maidir le céard is ard-chaighdeán in COLO ann agus cén chaoi í a bhaint amach.

Thosaigh an próiseas comhchomhairle maidir leis na gnéithe éagsúla den CNAC/COLO go luath i mí na Nollag seo caite ag cruinniú de chuid Choiste Comhchomhairleach an LFOLO. Tá caoga grúpa páirtithe leasmhara ar an gcoiste seo agus tá bonn an-leathan aige (Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach www.cecde.ie). Cuireadh timpeall na dréacht-Phrionsabail go dtí na grúpaí páirtithe leasmhara le haghaidh a gcuid machnaimh agus aischothaithe, agus tá na Prionsabail a chuirtear i láthair anseo athraithe agus oiriúnaithe chun tuairimí na bhfreagróirí a chur san áireamh, chomh maith leis an méid a chuir siad leis an bpróiseas. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl as an iarracht a bhí i gceist, agus as chomh cuiditheach agus dearfach is a bhí an trácht. Tá na Prionsabail neartaithe agus tá siad níos cuimsithí mar thoradh orthu.

Léiríonn na Prionsabail seo an fhís a chuireann taca faoin gcomhthéacs do COLO cáilíochta in Éirinn, agus a sholáthraíonn é. Tá siad ag brath ar a chéile agus níl Prionsabail aonair ceaptha seasamh leo féin. Mar shampla, cé go dtagraíonn Prionsabal amháin do ról an duine fhásta ó thaobh eachtraí cáilíochta luathóige a sholáthar mar ról bunúsach, ní mór breathnú air sin i gcomhthéacs an Phrionsabail a athluann ról ríthábhachtach thuismitheoirí an pháiste ó thaobh a f(h)olláine, a f(h)oghlaim agus a f(h)orbairt a chur chun cinn. Bíonn tionchar freisin ag an timpeallacht ina dtarlaíonn idirghníomhartha duine fhásta/páiste, agus a mhéid a bhaintear úsáid as súgradh sa timpeallacht sin, ar ról an duine fhásta.

Tá an dara céim chomhchomhairleach tosaithe agus díríonn sí ar na Caighdeáin a fheidhmíonn go praiticiúil an fhís a sholáthraíonn na Prionsabail. Soláthróidh na Caighdeáin slat tomhais do chleachtas cáilíochta in COLO. Roinnfear iad sin ina gComhpháirteanna Cáilíochta a sholáthróidh treoirlínte do chleachtas cáilíochta, agus rachfar i gcomhchomhairle maidir leis na Comhpháirteanna sin gan rómhoill. Foilseofar an fhréamhshamhail den CNAC/COLO i mí Dheireadh Fómhair, 2005.

Prionsabail agus Nótaí Míniúcháin

Is tréimhse shuntasach faoi leith sa saol í an luathóige. Caithfear í a chothú, agus caithfear meas, luach agus tacaíocht a thabhairt di ar a son féin.

Is sain-am agus am suntasach í an luathóige, ó shaolú go sé bliana, i saol gach duine. Tá gá agus tá an ceart ag gach páiste eachtraí dearfacha a bheith acu sa luathóige. Maraon le gach tréimhse sa saol, tá tacaíochtaí dearfacha agus acmhainní cuí ag teastáil chun an leas is fearr a bhaint as an tréimhse seo. Níor chóir go mbeadh soláthar na dtacaíochtaí agus na n-acmhainní seo ag brath ar ionchais an gheilleagair, na sochaí nó leasanna eile.

Tá indibhidiúlacht, láidreachtaí, cearta agus riachtanais an pháiste lárnach do sholáthar eispéiris luathóige d'ardchaighdeán.

Is gníomhaire gníomhach ina c(h)uid forbartha féin é an páiste trína c(h)uid idirghníomhartha leis an domhan. Spreagtar na hidirghníomhartha seo trí chumais an pháiste indibhidiúil, a c(h)uid ábhair spéise, réamheachtraí agus mianta neamhspleáchais. Is foghlaimeoir cumasach gach páiste ó shaolú agus cabhraíonn eachtraí luachmhara sa luathóige le gach páiste a m(h)ianach a chomhlíonadh. Caithfidh soláthar na seirbhísí seo teacht le láidreachtaí, riachtanais agus ábhair spéise an pháiste, agus tacaíocht a thabhairt dóibh Caithfear éisteacht le páistí - tá an ceart sin acu agus caithfear éisteacht lena gcuid tuairimí maidir le cúrsaí a bhaineann leo, tábhacht a leagan orthu agus freagra a thabhairt orthu.

Is iad na tuismitheoirí bunoidí a bpáistí agus tá ról ríspeisialta acu maidir le folláine, foghlaim agus forbairt a bpáistí a chur chun cinn

Caithfidh cúram agus oideachas cáilíochta luathóige luach agus tacaíocht a thabhairt do ról na dtuismitheoirí. Tá caidreamh oscailte, ionraic agus ómósach riachtanach ó thaobh cur chun cinn leas an pháiste. Cuireann páirtíocht chomhthuisceanach le bunú comhréire agus leanúnachais idir na suímh éagsúla ina mbíonn an páiste sna luathbhlianta. Cuireann forbairt cheangal agus idirghníomhartha idir an suíomh luathóige, tuismitheoirí, an teaghlach agus an pobal le saibhriú eachtraí na luathóige mar go bhfuil siad mar scáthán ar shaol an pháiste.

Tá caidrimh fhreagrúla, íogaire agus chómhalartacha, atá comhsheasmhach thar thréimhse ama, riachtanach d'fholláine, d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an pháiste óig.

Beidh tionchar suntasach ag na caidrimh atá ag an bpáiste leis an saol atá díreach timpeall air / uirthi agus thart timpeall air/ urithi ar a f(h)olláine, a f(h)orbairt agus a f(h)oghlaim. Tá dhá thaobh leis na caidrimh seo. San áireamh anseo, tá caidrimh le daoine fásta, le daoine ar chomhaois, leis an teaghlach agus leis an bpobal. Is iad caidrimh dhearfacha, atá slán, freagrúil, agus ómósach agus a sholáthraíonn seastacht agus leanúnachas thar thréimhse ama, bunchloch fholláine an pháiste.

Is tréith riachtanach d'ardchaighdeáin i gcúram agus in oideachas na luathóige é an comhionannas.

Is buntréith de sholáthar cáilíochta i gcúram agus in oideachas na luathóige é an comhionannas, mar a deirtear in Airteagal 2 de Chúnáint na NA ar Chearta an Pháiste (1989) agus san tAcht um Stádas Comhionann (2000). Is réamhriachtanas fíorthábhachtach é chun tacú le forbairt iomlán gach páiste in Éirinn. Éilíonn sé go n-aithnítear riachtanais agus cumais indibhidiúla gach páiste agus go dtugtar tacaíocht dóibh ó shaolú chun a gcumas uathúil a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé sin gur chóir go mbeadh gach páiste in ann seirbhísí a fháil ar bhonn cothrom ó na luathbhlianta agus go mbeidís in ann a bheith rannpháirteach sna seirbhísí agus leas a bhaint astu.

Aithníonn suímh ardchaighdeáin luathóige éagsúlacht, cothaíonn siad meas uirthi agus cinntíonn siad go ndaingnítear féiniúlacht indibhidiúil phearsanta, chultúrtha, agus teanga gach páiste agus gach teaghlach.

Is téarma é 'éagsúlacht' a chuireann síos go ginearálta ar dhifríochtaí idir páistí indibhidiúla mar gheall ar inscne, aois, dath, teanga, claonadh gnéis, eitneachas, cumas, creideamh, cine nó gnéithe cúlra eile mar struchtúr teaghlaigh, cúinsí eacnamaíochta srl. Ba chóir go léireodh eachtraí cáilíochta luathóige meas ar éagsúlacht trí bhraistint cómhuintearais a chur chun cinn taobh istigh den oidhreacht chultúrtha in Eirinn. Ba chóir go soláthróidís eachtraí saibhre agus éagsúla a thabharfaidh tacaíocht do chumas an pháiste meas a bheith aige / aici ar éagsúlacht shóisialta agus chultúrtha.

Tá tionchar díreach ag suíomh fisiciúil an pháiste óig ar a f(h)olláine, a f(h)oghlaim agus a f(h)orbairt.

Bíonn dea-thionchar ag idirghníomhartha le réimhse leathan timpeallachtaí ar eachtraí an pháiste sa luathóige. San áireamh anseo, tá timpeallachtaí taobh istigh agus taobh amuigh, tógtha agus nádúrtha, baile agus as baile. Ba chóir go mbeadh an suíomh ar ardchaighdéan agus go gcuirfeadh sé le forbairt agus foghlaim an pháiste agus go ndéanfadh sé é a shaibhriú. Musclaíonn na heachtraí seo fiosracht agus neamhspleáchas agus cuireann siad braistint cómhuintearais chun cinn. Méadóidh ar an meas a bheidh ag na páistí ar an gcomhshaol freisin mar thoradh ar eachtraí den sórt sin.

Caithfear slándáil, leas agus folláine gach páiste a chosaint agus a chur chun cinn i ngach suíomh luathóige

Is tréith de shuíomh cáilíochta cothú fholláine an pháiste. Baineann sé seo le cosaint gach páiste ó eachtraí dochracha agus cothú leas an pháiste. Chomh maith leis sin, is buntréith cáilíochta an deis chun caidrimh mhuinínneacha a dhéanamh le daoine fásta nó le páistí eile. Níor chóir go gcuirfeadh cothú slándála in aghaidh réimse leathan eachtraí a chur ar fáil don pháiste de réir a (h)aoise agus leibhéil fhorbartha.

Tá ról bunúsach ag an duine fásta i soláthar eispéireas luathóige d'ardchaighdeán.

Tá cleachtas cáilíochta luathóige bunaithe ar ról uathúil an duine fhásta. Tá cumais, cáilíochtaí, nádúir agus taithí daoine fásta, chomh maith lena gcumas tuiscint a bheith acu ar a ról, riachtanach ó thaobh tacú le heachtraí cáilíochta do gach páiste, agus iad a chinntiú Caithfidh acmhainní, tacaíocht agus meas a thabhairt don ról lárnach seo i saol an pháiste óig.

Tá gá le comhoibriú, cumarsáid agus meas cómhalartach chun eispéiris luathóige d'ardchaighdeán a sholáthar.

Is gné thábhachtach í obair foirne de chúram agus oideachas cáilíochta sa luathóige. Is léiriú í ar chleachtas comhoibrithe, comhordaithe in aon suíomh. Is riachtanais iad eolas agus tuiscint roinnte, atá seachadta go soiléir tríd an bhfoireann taobh istigh den suíomh, le daoine proifisiúnta eile a bhíonn ag déileáil leis an bpáiste, agus le tuismitheoirí, de chleachtas cáilíochta agus léiríonn sé 'peirspictíocht an pháiste iomláin'. Cinntíonn sé seo cur chun cinn caidrimh oibre ómósacha idir gach duine fásta a thugann tacaíocht d'fholláine, d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an pháiste. Caithfear meas, tacaíocht agus acmhainní a thabhairt d'obair foirne, do chomhordú agus do chumarsáid mar seo ag bonneagar cuí ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Is ionann oideolaíocht sa luathóige agus cúrsaí léinn agus cláir ghníomhaíochta a ghlacann cur chuige iomlánaíoch i bhforbairt agus i bhfoghlaim an pháiste agus a léiríonn nádúr doscartha cúraim agus oideachais.

Is téarma é oideolaíocht a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh do réimse leathan idirghníomhartha a thacaíonn leforbairt an pháiste. Tógann sé cur chuige iomlánach trí chúram agus oideachas a thabhairt le chéile. Aithníonn sé an réimse leathan caidreamh agus eachtraí a dtarlaíonn forbairt taobh istigh díobh, agus aithníonn sé na ceangail eatarthu. Tacaíonn sé chomh maith le choincheap an pháiste mar fhoghlaimeoir gníomhach. Caithfear tacú leis an oideolaíocht seo taobh istigh de chreatlach solúbtha agus dinimic a thugann aghaidh ar chumas foghlamtha an 'pháiste iomláin.' Chomh maith leis sin, éilíonn sé go bhfuil cleachtóirí luathóige ullmhaithe i gceart agus go bhfuil tacaíocht acu maidir lena feidhmiú.

Tá súgradh lárnach d'fholláine, d'fhorbairt agus d'fhoghlaim an pháiste óig.

Is meán tábhachtach é súgradh trína n-idirghníomhaíonn an páiste leis an saol timpeall air / uirthi féin agus trína scrúdaíonn sé / sí é chun ciall a dhéanamh as. Tá na hidirghníomhartha seo le, mar shampla, páistí eile, daoine fásta, ábhair, eachtraí agus smaointe lárnach d'fholláine, d'fhorbairt agus d'fhoghlaim an pháiste. Is foinse lúchaire agus comhlíonta é an súgradh don pháiste. Soláthraíonn sé comhthéacs agus deis thábhachtach chun eachtraí cáilíochta luathóige a shaibhriú agus a mhéadú. Mar sin, beidh príomhfhócas ar shúgradh i suímh cháilíochta luathóige.

A Thuismitheoirí: Bíodh cead cainte agaibh

Aithníonn an LFOLO ról tuismitheoirí mar phríomhoidí a bpáistí agus mar na daoine is tábhachtaí i saol a bpáistí.

Mar gheall air seo, rachaimid i gcomhairle le hionadaithe (tuismitheoirí) ó na Coistí Contae Cúram Páistí agus ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí i mBaile Átha Cliath an 19ú Márta, 2005. Spreagfar an grúpa chun a dtuairimí mar thuismitheoirí a thabhairt ar obair an LFOLO, go háirithe ar na prionsabail CNAC thuas. Cinnteoidh sé seo go bhfuil an CNAC ábharthach do gach tuismitheoir, agus ionadaíoch ar gach tuismitheoir Iarrfar ar na hionadaithe freisin a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an gcur chuige is fearr chun an CNACa dhearadh agus a sheachadadh.

Mar chuid den tionscnamh seo beidh fóram ar-líne againn ar ár suíomh idirlín www.cecde.ie. I rith mhí an Mhárta, 2005, beimid ag tabhairt cuiridh do gach tuismitheoir páirt a ghlacadh agus a dtuairimí a chur in iúl faoi phrionsabail CNAC ar an doiciméad comhairleach ar-líne. Tá cóipeanna den doiciméad comhairleach le fáil freisin ón 1ú Márta ó Jenny Mangan ag 01-8842119.

Réamhrá do Sheirbhís Leabharlainne agus Faisnéise LFOLO

Le Peadar Cassidy, Oifigeach Faisnéise, LFOLO

Cé nach dtagann seirbhís leabharlainne agus faisnéise go díreach faoi scáth Chlár Oibre an LFOLO, tharla sé trí thimpiste go bhfuil réimse mór agus leathan acmhainní maidir le Cúram agus Oideachas na Luathóige againn. Tá roinnt acu seo tugtha dúinn ag baill de chuid earnáil na luathbhlianta mar fhreagra ar roinnt fiosriúchán a rinneamar maidir le taighde a bhí á dhéanamh againn. Bailíodh roinnt eile ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiunta. Bailíodh roinnt eile fós ag seoltaí ag a rabhamar ó thosaíomar ag feidhmiú. Thit sé ormsa mar Oifigeach Faisnéise na hacmhainní seo a eagrú ina leabharlann, a bheadh an fhoireann ar dtús agus ansin an pobal in ann a úsáid. San áireamh sna hacmhainní seo tá leabhair, tuairiscí, pacáistí acmhainní, físteipeanna agus eile agus tá teacht orthu anois i Seomra C310 idTeach Belvedere i gColáiste Phádraig. Tá bunachar sonraí dár gcatalóg le fáil sa Choláiste agus ar ár suíomh idirlín ag www.cecde.ie agus is féidir cuardach a dhéanamh air.

Baineann an tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise le Cúram agus Oideachas na Luathóige amháin agus tá níos mó ná 1,000 acmhainn i gceist. Mar sin tacaíonn sé le hIonad Náisiúnta Acmhainní na Leanaí i mBarnardos, maraon le Leabharlann Cregan Choláiste Phádraig agus Leabharlann Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, óna bhfaighimid féin eolas.

Cé go bhfuil an tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise fós óg, agus tá súil againn go mbeidh seirbhís níos iomláine le fáil amach anseo, déanfaimid iarracht déileáil le gach iarratas ar eolas. Níl aon phleananna ann faoi láthair seirbhís iasachtaí a chur ar fáil ach tá fáilte roimh úsáideoirí coinne a dhéanamh chun cuairt a thabhairt ar an leabharlann agus tá inneall fotachóipeála agus deasc ann. Má tá alt nó caibidil ag teastáil, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Faisnéise (fón nó ríomhphost) agus beidh sé sásta é seo a chóipeáil agus é a chur sa phost.

Tá foirmeacha cóipchirt le fáil agus iarrtar ar úsáidéoirí iad a líonadh agus a sheoladh ar ais chuig an Oifigeach Faisnéise nuair is gá.

Táimid ag súil le plé le bhur riachtanais eolais agus is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag an seoladh thíos.

Peadar Cassidy
Oifigeach Faiséise,
Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige,
Coláiste Phádraig,
Droim Conrach
Baile Átha Cliath 9

Teil: 01 8842113
Facs: 01 8842111

Ríomhphost: peadar.cassidy@spd.dcu.ie
Suíomh Idirlín: www.cecde.ie

Seoladh Spléachadh ar an Ardchaighdeán agus Making Connections

An 7ú Feabhrá, sheol Síle de Valera, an tAire Stáit Oideachais agus Eolaíochta, Spléachadh ar an Ardchaighdeán agus Making Connections, léirmheasanna ar pholasaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar chleachtas agus ar thaighde maidir le cáilíocht cúraim agus oideachais sa luathóige.

Tá na tuairiscí seo an-tábhachtach d'fhorbairt an Chreatlaigh Náisiúnta Ard-Chaighdeáin i gCúram agus Oideachas na Luathóige (CNAC/COLO) agus cuireann siad scrúdú criticiúil de thuairimí reatha i leith cáilíochta sna luathbhlianta anseo agus thar lear ar fáil.

Dúirt Heino Schonfeld, Stiúrthóir LFOLO: "Cuireann an dá thuairisc chuimsitheacha seo, atá fianaise-bhunaithe agus feiliúnach don chultúr seo, go mór le caighdéain cháilíochta."

Ag tagairt do na tuairiscí, dúirt an tAire de Valera "Tugann na staidéir seo léargas an-suimiúil ar pholasaí, ar chleachtas agus ar thaighde maidir le cáilíocht i gcúram agus oideachas sa luathóige ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireann siad go mór leis an díospóireacht mar gheall ar chúram agus oideachas luathóige sa tír seo. Tá moltaí tábhachtacha sa dá thuairisc a chabhróidh le forbairt Chreatlaigh Náisiúnta Ard-Chaighdeáin."

Phléigh an tAire de Valera obair thábhachtach an LFOLO maidir le forbairt chreatlaigh cháilíochta don luathóige agus maidir le tionscnaimh áirithe do pháistí le riachtanais speisialta agus páistí atá faoi mhíbhuntáiste.

Dúirt an tAire: "Cuireann na tuairisicí go mór le plé agus díospóireacht ar earnáil chúram agus oideachas na luathóige."

Tá cóipeanna de Spléachadh ar an Ardchaighdeán agus Making Connections le fáil ón Lárionad agus ar ár suíomh idirlín ag www.cecde.ie. Téigh i dteagmháil linn ag 8842110 maidir le horduithe.